



An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. fr, en)

8632/22
ADD 1

LIMITE

API 31
INF 61
OMBUDS 10
JUR 282
INST 148

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	6712/22; 8087/22; 8632/22
Ábhar:	Gearán 717/2021/DL chuig an Ombudsman Eorpach – Moladh ón Ombudsman Eorpach - formheas an fhreagra = Ráitis

Ráiteas comhpháirteach ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Ísiltír agus ón Laitvia

Ní féidir leis an mBeilg, leis an Danmhairg, leis an Eastóin, leis an bhFionlainn, leis an Ísiltír agus leis an Laitvia aontú leis an dréachtfhreagra ar an moladh ón Ombudsman Eorpach i gcás 717/2021/DL. Aontaímid leis an Ombudsman Eorpach gur cheart an rochtain is leithne is féidir a thabhairt ar thuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle (JUR) in 5591/21 agus ba mhaith linn a athdhearbhú nach bhfuil aon riosca réasúnta intuartha agus nach bhfuil go hiomlán hipitéiseach ann go mbainfí le nochtadh iomlán thuairim JUR an bonn go sonrach agus go hiarbhír ó phróiseas cinnteoireachta leanúnach na hinstitiúide, ó chosaint comhairle dlí agus ó chosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta (i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus go háirithe i gcásanna uamtha C-39/05 P agus C-52/05, Ríocht na Sualainne agus Turco/An Chomhairle agus cás C-350/12 P, An Chomhairle/in ‘t Veld).

Ina theannta sin, i gcás ina mbainfí le nochtadh iomlán, contrártha dár dtuairim, an bonn ó phróiseas cinnteoireachta agus ó chosaint na comhairle dlí, creideann an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ísiltír agus an Laitvia go mbeadh leas sáraitheach poiblí ag baint le nochtadh iomlán thuairim JUR maidir le cineál TCA agus feidhmiú a inniúlachta ag an Aontas. Cuidíonn an oscailteacht sin le dlisteanacht an phróisis cinnteoireachta sa Chomhairle a chruthú maidir le TCA, agus léirítear ag an am céanna na cúinsí neamhghnácha faoina bhfuil sé tar éis tarlú (e.g. cásanna uamtha C-39/05 P agus C-52/05 agus Cás C-506/08 P, an tSualainn/Mo Ghrúpa Taistil agus an Coimisiún).

Ráiteas ón tSualainn

Ós rud é go bhfuil caibidlíocht TCA tugtha i gcrích agus go bhfuil TCA i bhfeidhm anois, tá an tSualainn den tuairim gur féidir an doiciméad a nochtadh ina iomláine anois. Dá bhrí sin, tagann an tSualainn anois leis an ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Ísiltír agus ón Laitvia.